A Thuismitheoirí agus a Chaomhnóirí,

Mar Chomhordaitheoir Idirbhliana, táim ag súil go mór scaoileadh faoin scoilbhliain 2021-2022. Bhíomar beagán cúngaithe le cúpla bliain ó thaobh taistil agus imeachtaí de agus i mbliana táimid ag súil a bheith ábalta réimse níos leithne gníomhaíochtaí a chur ar fáil dár ndaltaí Idirbhliana.

Tá an t-ádh dearg linn go mairimid i gCorca Dhuibhne agus an méid gníomhaíochtaí is féidir linn a dhéanamh anseo. An fhaid is atá an aimsir agus an fharraige séimh, tá súil agam formhór ár ngníomhaíochtaí ar an uisce a dhéanamh sa chéad téarma. Táim tar éis a bheith ag plé leis na comhlachtaí áitiúla agus d'aontaíodar ar lacáistí maithe. Chuireamar gníomhaíocht amháin as an áireamh mar gur cheapamar go raibh sé ródhaor agus nach raibh luach maith ar ár gcuid airgid i gceist leis. Na himeachtaí atá roghnaithe againn (ag brath ar an aimsir) ná:

Seaschéaslóireacht- €26

Sea Safari - €45

Seoltóireacht – €15

Tuigim go mbíonn cuma ana-dhaor ar an gcéad téarma nuair a chuirtear na himeachtaí san i dteannta le rudaí eile ar nós an Cúrsa Tiomána agus an ICDL. Tá an ICDL roghnach agus íocann an scoil 50% den gcostas. Íocfaidh an scoil as 100% den gcúrsa Garchabhrach i mí na Samhna. Tá formhór na n-imeachtaí eile roghnach. Cinnteoimid go mbeidh sé sin soiléir as seo amach in aon fhógra a théann amach ar aip na scoile. Mar thuismitheoir, tuigim, chomh maith, nár mhaith linn go gcaillfeadh ár bpáiste na deiseanna atá ar fáil. Sin é an fáth go bhfuil imeachtaí bailithe airgid don Idirbhliain chomh tábhachtach. Má éiríonn linn airgead a bhailiú, cuirfidh sé ar ár gcumas íoc as go leor de na himeachtaí gan an iomarca brú a chur ar thuismitheoirí agus caomhnóirí.

Tugadh amach cártaí urraithe do dhaltaí na hIdirbhliana an tseachtain seo. Má dhíolann siad an cárta ar fad (25 líne x €2 = €50), beidh siad in ann €10 a choimeád agus téann an €40 eile isteach i gCiste na hIdirbhliana. D'fhéadfadh sé seo an Seaschéaslóireacht a laghdú go dtí €16, agus féadfar an chuid eile den airgead a úsáid chun costas an Sea Safari a ísliú níos mó. Má tá bua an díolacháin go smior iontu, d'fhéadfaidís níos mó ná cárta amháin a dhíol!

Tá súil agam go soiléiríonn an méid seo duit an costas atá i gceist leis an Idirbhliain agus conas mar a oibrímid na himeachtaí. Má tá aon cheisteanna nó moltaí agat, tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh liom.

Is mise le meas,

John Ó Flannúra